

13.1 Béal Átha Ghártha Sráidbhaile Beagfháis

13.2 Comhthéacs Sráidbhaile

Tá Béal Átha Ghártha suite in oirthuaisceart Chontae na Gaillimhe, 3KM ón teorainn le Contae Ros Comáin san oirthear agus 15KM ón gCreagán san iardheisceart leis an N63. D'fhás an sráidbhaile mar bhaile margaidh a théann siar go dtí an 19^ú hAois. Tá fianaise den bhaile margaidh le feiceáil inniu lena phríomhshráid leathan agus cearnóg an mhargaidh. Is forbairt de chineál líneach í lonnaitheacht an tsráidbhaile ar an N63. Tá an sráidbhaile beag agus tuaithe ó thaobh carachtar de agus tá sé suite i gceantar ina bhfuil daonra beag ann i gContae na Gaillimhe, ach, mar sin de, freastalaíonn roinnt seirbhísí áitiúla air, lena n-áirítear siopaí, scoileanna, caiféanna agus áiseanna spóirt.

13.3 Pobail Inbhuanaithe

13.3.1 Tithíocht

Tá tithíocht i lár an tsráidbhaile meascán comhdhéanta de thithe aon stór agus dhá stór, tithe cónaithe sraithe agus scoite feadh na príomhshráide. Is foirm thógtha leanúnach agus líneach den chuid is mó é an stoc tógála agus tá an pointe fócasach ag Cearnóg an Mhargaidh agus tá an forbairt ag síneadh ó thuaidh agus ó dheas ón bPríomhshráid.

Tá an stoc tithíochta seanbhunaithe atá os comhair na Cearnóige, na Príomhshráide agus croílár an tsráidbhaile measartha ó thaobh méide de, tá sé tarraingteach agus de chruth agus dearadh traidisiúnta le leagan amach ard-dlúis. Tá líon beag forbairtí tithíochta de chineál bruachbhailte ó thuaidh agus ó dheas ón sráidbhaile arb ionann iad agus thart ar 120 aonad de stoc tithíochta nua Bhéal Átha Ghártha. Ina measc, tá tithe cónaithe scoite, leathscoite agus sraithe le dlúis éagsúla. Leis an éagsúlacht de theaghaisí atá sa sráidbhaile, cuirtear meascán maith ar fáil dá áitritheoirí.

Bhainfeadh an lonnaitheacht leas as athghiniúint agus athúsáid na maoinne atá ann cheana féin i gcroílár an tsráidbhaile. Ba cheart go ndéanfaí forbairtí nua a chomhtháthú isteach sa sráidbhaile reatha agus go bhféadfaí siúl nó dul ar rothar go héasca agus go sábháilte go dtí an lár agus go dtí na príomhaiseanna. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta agus ba cheart go mbeadh gach forbairt bháúil le carachtar an cheantair. Tá sé inmhianaithe go ndéanfaí athnuachan leanúnach ar mhaoin laistigh de Chroílár an tsráidbhaile agus ba cheart go mbeadh dearadh ardchaighdeán d'fhorbairt tithíochta inlíonta agus ba cheart go mbeadh aghaidheanna siopaí nua nó athsholáthair ag teacht le carachtar foriomlán na príomhshráide.

13.3.2 Oideachas

Ó thaobh oideachais de, is bunscóil chomhoideachais í Scoil Mhuire Gan Smál (Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Ghártha) agus is meánscoil chomhoideachais í Coláiste Mhuire.

13.3.3 Áiseanna Pobail

Ceann de phríomhfheidhmeanna an tsráidbhaile seo ná soláthar a dhéanamh do riachtanais laethúla an phobail áitiúil. Tá feidhm thábhachtach ag áiseanna sóisialta agus pobail maidir le hionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus feidhmíonn siad mar phointe cruinnithe fócasach do chónaitheoirí de gach aois.

Tá roinnt áiseanna pobail agus áineasa dea-fhorbartha sa sráidbhaile lena n-áirítear séipéal, aonaid mhiondíola tráchtála, oifig an phoist, halla pobail, páirc spóirt agus tithe tábhairne.

Tá an tseanscoil mhór (dar dáta 1880) dea-shuite ag ceann thuaidh na cearnóige os comhair an tSéipéil Chaitlicigh. Le déanaí, rinneadh an teach cúirte atá suite díreach soir ó Eaglais Naomh Muire a thiontú ina spás pobail.

Is é CLG Naomh Breandán an club áitiúil CLG, atá suite i lár an tsráidbhaile díreach ó thuaidh den Chearnóg. Féachfaidh an plean seo leis na háiseanna pobail reatha a chosaint agus an raon áiseanna pobail atá ar fáil sa sráidbhaile a leathnú.

Ainmnítear Béal Átha Ghártha mar shráidbhaile *Chatagóir B.* (daonra idir 201 agus 1,000) faoi chomórtas bliantúil na mBailte Slachtmhara. Tá an grúpa áitiúil Bailte Slachtmhara an-ghníomhach maidir le feabhas a chur ar an sráidbhaile agus a phurláin.

Tá cosáin agus soilsíú poiblí sa sráidbhaile laistigh den sráidbhaile ach rinneadh oibreacha ceansaithe tráchta teoranta ag pointí tairsí. Teastaíonn oibreacha ceansaithe tráchta chun feabhas a chur ar shábháilteacht choisithe timpeall na Cearnóige, Scoil Mhuire Gan Smál / clós súgartha agus ag an gcrosbhóthar soir ón sráidbhaile gar do Mheánscoil Naomh Muire.

Tá seirbhís iompair phoiblí (bus) laethúil ó Ros Comáin go Gaillimh ag freastal ar an lonnaíocht, a nascann an lonnaíocht le Cathair na Gaillimhe agus le ceantair eile lena n-áirítear an Creagán.

Tá méadú tagtha ar an daonra sa lonnaíocht agus sa chúlchríoch máguaird le blianta beaga anuas agus leis seo, cuirtear éilimh bhreise ar bhonneagar agus ar shaoráidí pobail an tsráidbhaile. Tá sé tábhachtach go spreagtar áiseanna nua gnó a chur ar bun i gcroílár an tsráidbhaile agus nuair is féidir, go bhfeabhsaítear na saoráidí pobail atá ann cheana.

13.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Tá sráid-dreach tarraingteach ag Béal Átha Ghártha ina bhfuil roinnt foirgneamh breá aonair. Tá Eaglais Chaitliceach Naomh Muire, Banc na hÉireann, Teach na Cúirte, atá suite sa sráidbhaile taifeadta i dTaifead ar Dhéanmhais Chosanta agus cuireann siad le carachtar ailtireachta na lonnaíochta.

Le cearnóg an mhargaidh cuirtear limistéar tarraingteach de spás oscailte ar fáil do chónaitheoirí agus soláthraíonn an seastán banda a tógadh le déanaí pointe fócasach tarraingteach. Ó 1945 i leith úsáideadh é chun an carnabhal bliantúil a reáchtáil. Le blianta beaga anuas úsáidtear an limistéar mar charrchlós neamhfhoirmiúil agus níl mórán crainn curtha ann. D'fhéadfaí roinnt cineálacha cur chuige éagsúla a ghlacadh chun cur leis an ríocht phoiblí agus cuma amhairc chearnóg an mhargaidh é a fheabhsú, mar shampla limistéar suíocháin lasmuigh a chur leis do chónaitheoirí agus do chuaritheoirí chun ceann scríbe níos tarraingte agus níos cairdiúla do dhaoine a chruthú.

Tá sé tábhachtach tréscailteacht, struchtúr agus moirfeolaíocht an tsráidbhaile a chosaint. Tá croícheantar ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Léiríonn timpeallacht thógtha uathúil Shráidbhaile Bhéal Átha Ghártha a stair i bpatrún na spásanna uirbeacha agus i ndearadh na dtithe aonair agus na bhfoirgneamh sainchomhartha. Tá foirceann i gcruth diamant i mBéal Átha Ghártha, soir ón Sráidbhaile, áit a raibh an eaglais Phrotastúnach ag an mbealach isteach chuig iar-eastát Achadh Raithin. Eastát mór rathúil a bhí in Achadh Raithin agus spreag a úinéir gníomhaíocht mhargaidh an tSráidbhaile go luath sa 19ú haois.

Mar thoradh ar phleanáil ordúil an tSráidbhaile tá príomhshráid leathan le tithe dhá stór den chuid is mó ina bhfuil aghaidheanna éagsúla le colbhaí múnlaith ar na fuinneoga agus na doirse.

Leis an seastán banna a cuireadh isteach le déanaí taispeántar an gaol atá ag an tSráidbhaile mar áit bhreithe Patrick Sarsfield Gilmore a rugadh i mBéal Átha Ghártha sa bhliain 1829 agus bhí ina phríomh-chumadóir agus máistir-bhanna i SAM. Tá an pobal ag baint úsáide as an teach cúirte arís trí ghealltanais mhuintir na háite d'oidhreacht thógtha a Sráidbhaile.

13.3.5 Lár an tSráidbhaile agus Gnó & Fiontar

Cuireann Béal Átha Ghártha méid teoranta fostaíochta agus seirbhísí áitiúla ar fáil do mhuintir an tsráidbhaile agus dóibh siúd laistigh dá chúlchríoch agus féachfaidh an plean le tacú le forbairt, fuinneamh agus beogacht an tsráidbhaile.

I gcroílár an tsráidbhaile is é an aidhm ná úsáid tháirgiúil a bhaint as na foirgnimh atá folamh agus neamhúsáidte. Tá acmhainn theoranta ann do scéimeanna cónaithe beaga nó do dheiseanna féin-thógtha laistigh den chroílár. Mar sin féin, tá deiseanna laistigh den lonnaíocht d'fhorbairt na maoine tearcúsáidte agus na n-áitreabh tréigthe atá ann soir ón sráidbhaile. Tacófar agus éascófar tograí forbartha atá suite i gcroílár an tsráidbhaile nuair is cuí, go háirithe Deiseanna um Chónaí os cionn an tSiopa i gcroílár an tsráidbhaile.

Tá dhá shuíomh deise suite ar an bpríomhshráid i mBéal Átha Ghártha. Tá bonn láidir tráchtála ann beag sa sráidbhaile a fhreastalaíonn ar an daonra áitiúil.

Le gaireacht Bhéal Átha Ghártha le Gleann na Suca, d'fhéadfadh lánaí tuaithe ciúine, bóithre portaigh, oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha deiseanna turasóireachta a fhorbairt sa sráidbhaile.

13.4 Seirbhísí agus Bonneagar

13.4.1 Soláthar Uisce

Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil. Freastalaíonn soláthar uisce phoiblí ar an sráidbhaile. Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil do na tailte go léir a shaináithnítear d'acmhainneacht forbartha agus tá acmhainn sa líonra.

13.4.2 Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an sráidbhaile. Caithfear oibreacha a dhéanamh ar an gcóras laistigh de shaolré an phlean, ach táthar ag súil go dtosóidh sé seo ar bhonn gearrthéarmach, áfach.

13.4.3 Iompar agus Gluaiseacht

Ritheann an Bóthar Náisiúnta an N63 tríd an lonnaíocht, rud a fhágann go bhfuil go leor tráchta ann, lena n-áirítear cion ard feithiclí earraí troma. Tá gá le bearta maolaithe tráchta breise laistigh den lonnaíocht.

Tá go leor páirceála ar an tsráid i spásanna ainmnithe páirceála suite sa chearnóg agus feadh na Príomhshráide.

13.5 Tuile

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá i mbaol tuilte, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údarás Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Imlitir PL2 / 2014 agus aon leasú orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnacht Riosca Tuile a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta do Bhéal Átha Ghártha agus tá sé de réir na dtreoirlínte agus na himlitreach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí an Bheartais Chríosaithe um Úsáid Talún do Bhéal Átha Ghártha (Béal Átha Ghártha Sráidbhaile Beag háis- BSGV)

BSGV 1 Lár an tSráidbhaile Inbhuanaithe

Forbairt shráidbhaile Bhéal Átha Ghártha a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhrechtú, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontair, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a chuireann raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí ar fáil don phobal áitiúil agus do chuaríteoirí ar na sráidbhailte. Leanfaidh lár an tsráidbhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar de bheith ina phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

BSGV 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhrechtú air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha ar nós áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaonra cónaithe plean lonnaithe Bhéal Átha Ghártha. Taitneamhachtaí cónaithe reatha a chosaint agus forbairt nua inlíonta atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe de limistéar an phlean. Cónaí os cionn an tsiopa a spreagadh go háirithe, rud ar féidir leis cur le beogacht an chroíláir agus gníomhaíocht a leathnú níos faide ná uaireanta gnó.

BSGV 3 Forbairt agus Seirbhísí Itiúla

Forbairt áiseanna agus seirbhísí áitiúla a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

BSGV 4 Iseanna Clóis Súgartha

Tacú le cothabháil áiseanna clóis súgartha, faoi réir na n-acmhainní a bheith ar fáil.

BSGV 5 Fiontar ar Scála Beag

Soláthar forbartha tráchtála agus fostaíochta sa sráidbhaile a spreagadh agus go háirithe an soláthar de dheiseanna d'fhiontair nua-thionscanta ar scála beag.

BSGV 6 Oibreacha Feabhsúcháin ar an Sráid-dreach

Féachaint d'ullmhúchán plean poiblí a éascú a chuirfidh bonn eolais faoi oibreacha feabhsúcháin ar an sráid-dreach faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

BSGV 7 Bonneagar Poiblí a Leathnú

Tacú le leathnú an bhonneagair poiblí laistigh den sráidbhaile de réir mar is gá.

BSGV 8 Láithreán Deise

Athfhorbairt chúil an láithreán deise a shainaithnítear a chur chun cinn agus a spreagadh a chuirfidh le beogacht agus carachtar Bhéal Átha Ghártha.

OPT- BA 1 Láithreán Deise Bhéal tha Ghártha


Cur síos Achomair Seid thréigthe i mBéal Átha Ghártha



Achar: Is ionann achar an láithreán agus 0.67HA.

Criosú: Tá an láithreán criosaithe mar Lár an tSráidbhaile.

Úsáid Talún Reatha: Seid fholamh de chineál stórais. D'fhéadfaí gur baineadh úsáid aisti leis an túr uisce in aice láimhe.

Deis: Soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt mhiondíola agus/nó tráchtála. Is trí lána beag soir ón láithreán in aice leis na háitribh chónaithe reatha an príomhbhealach isteach. D'fhéadfadh go mbeadh meascán d'úsáidí tráchtála agus cónaithe oiriúnach anseo.








- Teorainn Ionraíochta
- Cónaithe atá ann cheana
- R - Cónaithe (Céim 1)
- LS - Lár an tSráidbhaile
- GF - Gnó & Fiontar
- AP - Áiseanna Pobail
- FP - Fóntas Poiblí
- SO - Spás Oscailte/Áineas & Áiseanna
- BI - Bonneagar Iompair
- Uisce/Aibhneacha/Srutháin
- Úsáid Talún Srianata
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Suíomh Deise

**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028**

**Sráidbhaile Beagfháis
Béal Átha Ghártha
Criosaithe Úsáide Talún**





- Teorainn Ionraíochta
- Críos Tuile Táscach A
- Críos Tuile Táscach B
- Críos Tuile Táscach C
- Táscach Báistiúil RMPT
- RMPT Foircneach Báistiúil
- Uisce

**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028**

**Sráidbhaile Beagfháis
Béal Átha Ghartha
Bainistíocht Riosca Tuilte**

